BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

# Plean Seirbhíse 2025

**Todhchaí níos gile, ag foghlaim le BOOCDCM**

**Clár na nÁbhar**

Teachtaireacht ón gCathaoirleach ..... 3
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach ..... 4
Léarscáil BOOCDCM ..... 5
Léargas Ginearálta ar BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin ..... 6
Forléargas ar Sheirbhísí 2025 ..... 7
    Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta ..... 7
    Scoileanna ..... 8
    Breisoideachas & Oiliúint ..... 9
    Ráiteas Straitéise 2025-2029 ..... 11
Ráiteas Seirbhísí 2025 ..... 13
Cuspóirí BOOCDCM 2025 ..... 19
Admhálacha agus Caiteachas Réamh-Mheasta 2025 ..... 29
    Admhálacha agus Caiteachas Réamh-Mheasta ..... 29

# Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin tá áthas orm Plean Seirbhíse 2025 a chur in bhur láthair, forbraíodh de réir dualgais reachtúla BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin mar atá leagtha síos i Roinn 47 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

De réir an Achta, rinne Coiste Airgeadais BOOCDCM athbhreithniú ar an bPlean Seirbhíse 2024, agus mhol sé go nglacfaí leis ag cruinniú ar an 20 Feabhra 2025. Déanann an coiste monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Seirbhíse go rialta i rith na bliana, ag coimeád an Bord agus an Coiste Feidhmiúcháin ar an eolas maidir le dul chun cinn agus spriocanna de réir mar atá leagtha amach. Ghlac Bord BOOCDCM le Plean Seirbhíse 2025 ar an 25 Feabhra 2025.

I bPlean Seirbhíse 2025, leagtar amach réimse leathan imeachtaí pleanáilte, i stiúrthóireacht na Scoileanna, sa Bhreisoideachas agus Oiliúint, agus i dTacaíocht agus Forbairt Eagraíochta. Tá eolas airgeadais a bhaineann le hábhar agus réamh-mheastacháin bhuiséid i bPlean Seirbhíse 2025 chomh maith. Áilínithe le Ráiteas Straitéise BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin, tá BOOCDCM tiomanta oideachas agus oiliúint ar ard-chaighdeán a chur ar fáil, seasamh leis an gcaighdeán is airde rialaithe, inbhuanaitheacht a chur chun cinn, agus sár-chaighdeán oibríochta a chinntiú. Tá na cuspóirí seo lárnach san fhís don bhliain 2025, le fócas ar fheabhsú leanúnach, forbairt foirne, agus an dea-chleachtas a sholáthar i ngach réimse oibriúcháin.

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na foirne i BOOCDCM, a n-ionchur, ar bhonn aonair agus le chéile, agus a ndúthracht leanúnach i leith BOOCDCM agus na pobail a ndéanann siad freastal orthu.

**Cllr Paul O'Brien**

**Cathaoirleach BOOCDCM**

## Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin an príomhsholáthróir do sheirbhísí oideachais agus oiliúna laistigh de Chill Dara agus Chill Mhantáin. Soláthraímid na seirbhísí sin do níos mó ná 25,000 duine gach bliain. Is é an príomhsholáthar a dhéanaimid ná in earnáil na scolaíochta, bunoideachas agus iar-bhunoideachas, agus sa Bhreisoideachas agus Oiliúint, agus Seirbhísí don Óige agus Aonad Oideachais Allamuigh. Chomh maith leis sin, déanaimid comhordú agus cuirimid ar fáil, tacaíocht do chláir ar nós Gineadh an Cheoil, Críochnú Scoile, agus do go leor tionscnaíochtaí oiliúna agus forbartha áitiúla eile, ina measc, cláir áitiúla a bhaineann leis an Tascfhórsa um Dhrúgaí agus Alcól. Déanann BOOCDCM comhordú chomh maith ar an obair ata ar siúl ag na Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (FROL), bunaithe agus maoinithe ag an Roinn Oideachais.

Cuirimid le forbairt socheacnamaíoch na bpobal ina mairimid ar bhealach dearfach agus le brí. Déanaimid iarracht an caighdeán is airde a chinntiú sa soláthar againn, agus feidhmíonn sé faoi réir ag an maoiniú atá ar fáil dúinn, treoracha ón Roinn Oideachais agus SOLAS, Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; agus Ciste Sóisialta na hEorpa.

Leagann an Plean Seirbhíse seo síos na tosaíochtaí atá againn don bhliain 2025, a ndéanfar scáthánú orthú inár Ráiteas Straitéise, 2025 – 2029. Léiríonn na tosaíochtaí seo dearcadh ár bpáirtithe leasmhara, seachtrach agus inmheánach, chomh maith le comhthéacsanna sóisialta, eacnamaíocha, agus déimeagrafacha Chill Dara agus Chill Mhantáin.
Leagaimid béim ar oideachas, oiliúint agus seirbhísí don óige atá ar ard-chaighdeán, agus a bhfuil na prionsabail bhunúsacha, dea-rialú agus luach don airgead, mar bhonn leo. I gcroílár ár gcuid oibre chomh maith tá acmhainní foirne agus daonna, timpeallachtaí oibre agus foghlama inbhuanaithe chomh maith le sár-oibríochtaí trí chumarsáid níos éifeachtaí, seirbhísí TFC feabhsaithe, agus soláthar atá comhoibríoch agus foghlaimeoir-lárnach.


Tá BOOCDCM tiomanta chomh maith comhionannas agus cearta daonna a chur chun cinn de réir ár ndualgas san earnáil phoiblí mar a leagtar síos é san Acht um Chearta Daonna agus Comhionannas 2014. Tá lorg na gcroí-luachanna atá againn: ionchuimsitheacht, meas, comhionannas, macántacht, barr feabhais agus pobal, le feiceáil ar gach gné dár gcuid oibre. Aithníonn BOOCDCM go bhfuil leathnú agus cur i bhfeidhm na luachanna seo lárnach i gcultúr na heagraíochta, agus cinntítear go gcomhlíonaimid ár ndualgais go léir anseo.

Is é an buiséad measta atá againn don bhliain 2025 ná €182 milliún, a íocfaidh as foireann thart ar 2,670 duine, agus seirbhísí do 3 Scoil Náisiúnta Phobail, 25 Iar-bhunscoil agus 25 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna a dhéanann freastal ar níos mó ná 18,200 foghlaimeoir agus tairbhí sa Bhreisoideachas agus Oiliúint.

Braitheann rath na gclár agus na dtionscnaíochtaí a shonraítear sa Phlean Seirbhíse seo ar scil agus ar thiomantas na foirne, Baill an Bhoird, agus na páirtithe leasmhara go léir atá againn. Táimid buíoch as seo, agus ba mhaith liom an deis seo a thógáil mo bhuíochas a chur in iúl do gach duine as an obair chrua a dhéanann siad, as a dtiomantas, agus a ndúthracht do sheirbhís an teagaisc agus na foghlama.

**An Dr Deirdre Nic Aodha**
**Príomhfheidhmeannac**

## Léarscáil BOOCDCM




## Léargas Ginearálta ar BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin ar an 1 Iúil 2013 faoi réir ag Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá foras reachtúil ag BOOCDCM agus é de dhualgas air oideachas agus oiliúint a sholáthar ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Tá struchtúr corporáideach aige le coiste atá ceaptha go daonlathach, 'An Bord', agus foireann bhainistíochta, 'An Coiste Feidhmiúcháin'.

Déanann BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin freastal ar phobal c.403,625 duine, é sin, 8% den bpobal náisiúnta. Léiríonn sonraí ón ndaonáireamh is déanaí go bhfuil méadú suntasach ar an daonra i gceantar BOOCDCM. Ón daonáireamh deireanach tháinig méadú 10.6% ar an daonra. Ó thaobh daonra de, is é an dara BOO is mó fáis, agus an ceathrú ceann is mó tar éis BOOCBAC, BOOCBDL, agus BOOC. Tá Cill Dara ar cheann de na contaethe is mó fáis sa Stát.

Síneann an ceantar a ndéanann BOO freastal air ó Charn an Bhua i nDeisceart Chill Mhantáin go Má Nuad i dTuaisceart Chill Dara, le tírdhreach maorga nádúrtha Shléibhte Chill Mhantáin agus machairí Chill Dara eatarthu. Chomh maith le bailte móra uirbeacha tá cúltíortha móra tuaithe ag an dá Chontae, le daonra ísealdlúis. Tá ceantair i gCill Dara agus i gCill Mhantáin, i dtuaisceart an dá chontae, le cuid den daonra is mó fáis, ar an 'gcrios comaitéireachta' isteach go cathair Bhaile Átha Cliath. Éilíonn sé seo soláthar casta seirbhísí ar fud an dá Chontae.




Tá aird faoi leith tugtha ag BOOCDM, de réir na bhfreagrachtaí atá air san earnáil phoiblí, don riachtanas leithcheal a dhíbirt, cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, agus cearta daonna na foirne, na bhfoghlaimeoirí agus na ngrúpaí, a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh, a chosaint.

Tá BOOCDCM réamhghníomhach maidir le Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, an tAcht Oideachais 1998, An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta 2004, an Bille um Iontráil Scoile 2020, an tAcht um Bhreisoideachas agus Oiliúint 2013, an tAcht um Mhíchumas 2005, an tAcht um Stádas Comhionann 2000-2018, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, ag tabhairt aird faoi leith ar chomhlíontacht maidir le cearta daonna agus dualgais chothromaíochta mar atá le fáil iontu.

# Forléargas ar Sheirbhísí 2025

Tacaíonn agus Comhordaíonn BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin seirbhísí oideachais, oiliúna agus óige i gCill Dara agus i gCill Mhantáin. Cuirimid ar fáil, go sonrach, oideachas ag an mbun leibhéal, ag an dara leibhéal, ag leibhéal na hiar-Ardteistiméireachta, maraon le printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, seirbhísí don óige, ceol, breisoideachas agus oiliúint pobal, allamuigh agus aosach. Soláthraímid seirbhísí den chéad scoth, a dhéanann freastal ar riachtanais gach foghlaimeoir sa phobal againn.




Feidhmíonn BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin trí thrí stiúrthóireachtaí neamhspleácha – Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint, agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta.

Tá BOOCDCM mar phátrún ar:

- **23** Iarbhunscoil
- **3** Scoileanna Náisiúnta Pobail
- **1** Scoil Speisialta d'fhoghlaimeoirí le Neamhord de chuid Speictream an Uathachais, agus Riachtanais Chasta.
- **25** Lárionaid BOO
- **2** choláiste do chúrsaí iar-Ardteistiméireachta
- Freastal ar bheagnach **34,000** mac léinn agus foghlaimeoir de gach aois, ag leibhéil éagsúla, ar fud phobail Chill Dara agus Chill Mhantáin.
- Timpeall **14,000 teastas** sa bhreisoideachas a eisiúint gach bliain.
- Níos mó ná **2,670** duine fostaithe i bpobail Chill Dara agus Chill Mhantáin.

## Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Cuireann an fhoireann um Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta (TFE) tacaíocht riaracháin ar fáil do na Scoileanna, na hIonaid BOO, agus an fhoireann ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Tá sé mar sprioc ag Foireann TFE BOOCDCM 'seirbhísí éifeachtacha a sholáthar a shásaíonn riachtanais na ndaoine a ndéanaimid freastal orthu, agus a gcosnaítear tríd an dea-chleachtas rialachais'. Cuireann cúig fhoireann na seirbhísí seo ar fail faoi stiúir ag beirt de Stiúrthóirí TFE ina measc, Acmhainní Daonna, Airgeadas, Rialachas agus Seirbhísí Corporáideacha/Teicneolaíocht Faisnéise Agus Cumarsáide (TFC) / Foirgnimh agus Soláthar.

| Foireann Fheidhmiúil | Seirbhísí |
|---|---|
| **Acmhainní Daonna** | Earcaíocht<br>Párolla<br>Aonad na bPinsean<br>Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>Bainistíocht Saoire<br>Leithdháiltí & Úsáid<br>Polasaithe agus Nósanna Imeachta Pearsanra<br>Rialú agus Bainistíocht ar Chonarthaí Foirne<br>Caidreamh idir Fostóirí agus Fostaithe & Cumarsáid<br>Caidreamh Tionsclaíoch |

| | |
|---|---|
| **Seirbhísí Corporáideacha/ Rialachas** | Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí<br>Árachais<br>Seirbhís do Chustaiméirí, Post, Fáiltiú, Íocaíochtaí Ginearálta<br>Rialachas Corporáideach & Comhlíonadh<br>Cúrsaí Corporáideacha (Seirbhísí Boird, Tacaíocht don bPF, Brandáil Chorporáideach, Bainistíocht an tSuímh Ghréasáin) |
| **Teicneolaíocht Faisnéise Agus Cumarsáide (TFC)** | Tacaíocht agus comhairle Eagraíochta TFC do Scoileanna, Breis Oideachais agus Oiliúna, agus suíomhanna TFE.<br>Slándáil TFC<br>Soláthar Polasaí TFC do sheirbhísí uile TFC<br>Tacaíocht Ghréasáin, Chrua-Earraí, agus Néil<br>Bainistíocht Chuntais Úsáideoirí agus Gléasanna<br>Riarachán Office 365 |
| **Foirgnimh agus Soláthar** | Foirgnimh agus Sealúchas<br>Sláinte agus Sábháilteacht<br>Soláthar<br>Bainistíocht Sócmhainní<br>Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht |

## Scoileanna

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (BOOCDCM) seirbhísí oideachais ar fáil, ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, ar fhud chontaethe Chill Dara agus Chill Mhantáin.



## Breisoideachas & Oiliúint

Le maoiniú ó SOLAS agus buiséad de c.€39.7m, cuireann BOO réimse leathan, ilchineálach roghanna ar fáil sa bhreisoideachas agus san oiliúint, i 25 láthair BOO ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Cuireann BOO cláir ar fáil do réimse leathan foghlaimeoirí, ina measc cláir chun dul chun cinn a dhéanamh san oideachas, agus scileanna do mhargadh na fostaíochta. Cuireann BOO cláir foghlama ar fáil chomh maith don rannpháirtíocht shóisialta, ag cabhrú le daoine na scileanna agus an t-eolas a bhaint amach atá ag teastáil chun maireachtáil agus oibriú i sochaí nua-aimseartha.




Cuirtear na cláir seo a leanas ar fáil faoi Sheirbhís Bhreisoideachais BOOCDCM:

- **Seirbhís Oideachais Bhunata Aosach** (a bhfuil an teideal Litearthacht d'Aosaigh air chomh maith) – clár páirtaimseartha do dhaoine fásta ar mian leo a scileanna bunúsacha a fhorbairt sa litearthacht, san uimhearthacht agus i mbun TFC.
- **An tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach** – seirbhís a chuireann treoir oideachais agus gairme, agus roinnt comhairleoireacht phearsanta ar fáil do dhaoine fásta.
- **Seirbhís Aighneachta** – seirbhís treorach agus comhairleoireachta oideachais agus gairmeacha beatha do dhaoine idir 16 agus 21 bliain d'aois a d'fhág an scoil go luath.
- **Tionscnamh Filleadh ar an Oideachas** – clár páirtaimseartha do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, ag cur cláir ag Leibhéal 3-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar fáil.
- **Oideachas Pobail** – clár páirtaimseartha do ghrúpaí pobail, agus do dhaoine aonair ar mian leor filleadh ar an oideachas, nó leanúint leis an oideachas i dtimpeallachtaí pobail éagsúla.
- **Teastas Iar-Ardteistiméireachta (TIA)** – clár lánaimseartha cuimsitheach oideachais ag Leibhéal 5 agus 6 den gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, do lucht fágála scoile, agus do fhoghlaimeoirí fásta atá ag filleadh ar an oideachas.


- **Oideachas do Phríosúnaigh** – oideachas a sholáthar, i gcomhpháirt le Seirbhís Príosún na hÉireann i bPríosún Oscailte Mhainistir Shelton, an tInbhear Mór.
- **Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)** – clár lánaimseartha, dhá bhliain, ag Leibhéal 3-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, do dhaoine fásta atá fostaithe agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh, ar mian leo dul faoi ath-oiliúint/ nó cur lena scileanna, chun méadú ar na deiseanna fostaíochta a bheadh acu.
- **Ógtheagmháil** – clár lánaimseartha, dhá bhliain, do dhaoine idir 16 agus 21 bliain, a d'fhág an scoil go luath, ar mian leo cáilíocht ag Leibhéal 3 agus 4 den gCreat Náisiúnta Cáilíochta a bhaint amach.
- **Clár do Dhídeanaithe** – clár faoi leith a chuireann cláir threoshuímh agus theanga ar fáil do chónaitheoirí fásta in Ionad Treoshuímh um Fháiltiú Éigeandála an Óstán Hazel. (EROC)
- **Príntíseacht** – Riar na bprintíseachtaí i réigiún BOO agus príntíseacht cheardaíochta agus neamh-cheardaíochta a sholáthar go díreach
- **Nasc-chúrsaí agus Bun-chúrsaí** – cláir lánaimseartha do dhaoine fásta ar mian leo cur lena scileanna ag Leibhéal 3 agus 4 den gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- **Clár Oiliúna faoi leith do Dhaoine faoi Mhíchumas** – clár lánaimseartha, ar conradh, do dhaoine fásta faoi mhíchumas nó le riachtanais eile ar mian leo cur lena scileanna/ dul faoi ath-oiliúint
- **Oiliúint do Scileanna Faoi Leith** – clár lánaimseartha, ar conradh, dírithe ar oiliúint a chur ar dhaoine fásta atá dífhostaithe, chun bearnaí aitheanta scileanna faoi leith a líonadh
- **Daoine Faoi Oiliúint** – clár foghlama lánaimseartha san ionad oibre, ar conradh, do dhaoine fásta ar mian leo dul faoi ath-oiliúint/ cur lena scileanna
- **Clár Scileanna** chun Dul Chun Cinn d'fhoghlaimeoirí fostaithe, ó Leibhéal 3 go 6 den gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- Tacaíocht agus riarachán do **Sheirbhísí don Óige agus do Ghineadh an Cheoil** i gCill Dara agus i gCill Mhantáin.

| Clár BOO | Tairbhithe |
|---|---|
| Ionchuimsiú Páirtaimseartha Breisoideachais | 2,885 |
| BCTE – Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile | 2,548 |
| Breisoideachas páirtaimseartha | 2016 |
| Breisoideachas lánaimseartha | 649 |
| Ógtheagmháil | 453 |
| Clár Scileanna le haghaidh Dul Chun Cinn | 2,435 |
| Oiliúint – cúrsaí oiliúna san áireamh | 2,761 |
| Printíseacht | 622 |
| Teastas Iar-Ardteistiméireachta (TIA) | 2,599 |
| Iomlán 2023 | 16,968 |

## Ráiteas Straitéise 2025-2029

Tá sé mar fhís againn oideachas, oiliúint, seirbhísí don óige agus seirbhísí tacaíochta atá ar ard-chaighdeán, ionchuimsitheach agus nuálach, a sholáthar. Tacaíonn na ráitis atá againn maidir lenár gcroí-luachanna leis an bhfís atá againn barr feabhais a chur chun cinn i ngach rud a dhéanaimid, agus a bheith mar cheannaire ag leibhéal an phobail agus ag an leibhéal náisiúnta.

Chun tacú leis an ndualgas san earnáil phoiblí, aithníonn BOOCDCM a thábhachtaí is atá sé cultúr measa a chruthú, atá ag teacht leis na bunluachanna atá aige, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.




Leagann Ráiteas Straitéise BOOCDCM 2025-2029 cuspóirí ard-leibhéal amach do BOOCDCM, a bhfuil na ceithre cholún atá againn maidir le tosaíochtaí straitéiseacha mar bhun leis;

1. Teagasc agus Foghlaim
2. Timpeallachtaí Oibre agus Foghlama
3. Foireann
4. Rialachas Corporáideach

Cinntíonn na ceithre cholún seo go gcuirtear na caighdeáin teagaisc agus foghlama is airde ar fáil, ar bhealach ionchuimsitheach agus nuálach. Tá BOOCDCM tiomanta gréasáin ghairmiúla a fhorbairt, ag tairiscint oiliúnt scileanna, agus ag cur cláir um fhorbairt foirne ar fáil, agus ag an am céanna ag cruthú timpeallacht oibre atá tacúil agus dearfach do gach duine.

Leanfaidh BOOCDCM ag beachtú a chuid oibríochtaí chun tacú lena mhandáid, lena mhisean agus lena chuspóirí straitéise, ag cinntiú éifeacht, rialú láidir, freagracht shoiléir, agus cinnteoireacht thrédhearcach. Táimid tiomanta don inbhuanaitheacht, ag imeascú cleachtas freagrach timpeallachta ar fud ár n-áiseanna agus ár seirbhísí, ag laghdú ár dtionchar, ag cur éifeacht acmhainní chun cinn, agus ag tacú le tionscnaíochtaí do thodhchaí níos glaise, fhad is atáimid ag tacú leis an bhfoireann, le foghlaimeoirí agus le pobail a bheith páirteach sa mhaoirseacht timpeallachta.


ÁR BHFÍS
Chun oideachas, oiliúint, seirbhísí tacaíochta agus seirbhísí don óige a sholáthar atá ar ard-chaighdeán, ionchuimsitheach agus nuálach. Chun barr feabhais a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid agus a bheith chun tosaigh ag leibhéal an phobail agus ag an leibhéal náisiúnta.
Chun oideachas, oiliúint, seirbhísí don óige agus tacaíocht ar ard-chaighdeán agus nuálach a sholáthar, atá inrochtana, ag freagairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, an phobail agus na sochaí, atá ag fás, agus a chuireann barr feabhais, cothromaíocht agus ionchuimsiú sóisialta chun cinn.
ÁR MISEAN
BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD
Ráiteas Straitéise
www.kwetb.ie

## Ráiteas Seirbhísí 2025

Faoi réir ag na tearmaí san Aontas um Sholáthar Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOOCDCM, ainmníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas. Tá na gníomhaíochtaí faoi leith chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach, chomh maith leis na comharthaí feidhmíochta ábhartha, agus cuspóirí le baint amach, mar seo a leanas;

| Sprioc | Tosaíocht | Gníomhaíocht | Comhartha Feidhmíochta | Cuspóir |
|---|---|---|---|---|
| Déan barrfeabhsú ar Eispéireas an Mhic Léinn/ an Fhoghlaimeora | Cuir eispéireas dearfach foghlama ar fáil do gach foghlaimeoir, ina measc foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe | Cuir plean seirbhíse BOO 2024 ar fáil, de réir mar a aontaíodh le SOLAS, agus mar atá leagtha amach in aighneacht leanúnach scríofa san iarratais ar leithroinnt mhaoinithe, agus i mbunachar ar líne san iarratais agus tuairisciú ar leithroinnt mhaoinithe. | Cur i bhfeidhm phlean seirbhíse BOO 2024 mar atá le feiceáil i dtuairiscí idirlinne agus bliantúla an Chórais Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Clár. | 80% de thairbhithe measta ar fud na gclár uile. |
| | | Tacú le foghlaimeoirí breisoideachais agus oiliúna BOOCDCM páirt a ghlacadh sa bhFóram Náisiúnta Foghlama agus sa bhFóram Réigiúnach Foghlama. | Foghlaimeoirí BOO ag glacadh páirte sna fóraim agus ag cur le forbairt a dhéanamh ar pholasaí náisiúnta agus breith ar 'ghuth an fhoghlaimeora' | 100% de na háiteanna ar fáil do BOOCDCM ag fóraim náisiúnta agus réigiúnach líonta. |
| | | Tacú le pleanáil agus cur i bhfeidhm an Phlean Críochnaithe Scolaíochta agus Teagmháil Baile agus Scoile ar fud scoileanna DEIS. | Comh-athbhreithniú ar phleananna feabhsaithe scoile/DEIS do scoileanna atá ag feidhmiú laistigh de chlár DEIS. | Fianaise go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ar chuspóirí laistigh de phlean DEIS. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Cuir na moltaí ó thuairisc iniúchta DEIS i bhfeidhm. | Gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm. | Moltaí ábhartha curtha i bhfeidhm go hiomlán. |
| | Tacaigh le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol mhíbhuntáiste oideachais faoi réir ag an bpolasaí reatha náisiúnta. | Leanúint ag tacú le soláthar agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar na cláir Ógtheagmhála agus Ionaid Oiliúna Pobail do dhaoine óga a fhágann an scoil go luath.<br><br>Leanúint ag tacú le soláthar agus forbairt leanúnach ar chláir fhreagracha BOO d'fhoghlaimeoirí a fhágann an scoil go luath, atá faoi mhíbhuntáiste oideachais agus a thagann ó ghrúpaí tosaíochta, ina measc, daoine faoi mhíchumas, daoine den lucht siúil, lucht iarrtha tearmainn, dídeanaithe, imircigh, daoine ag dul trí mhíbhuntáiste tuaithe nó uirbeach srl.<br><br>Cinntigh go mbunaítear Leanúntas Tacaíochta (do gach duine, do roinnt daoine, do chúpla duine) i ngach scoil de chuid BOO.<br><br>Tacú le forbairt ar ranganna nua maidir le neamhord de chuid speictream an uathachais sna scoileanna.<br><br>Tacú le Foirne Oideachais Speisialta | Na cláir a sholáthar do na sprioc-ghrúpaí.<br><br>Na cláir a sholáthar do na sprioc-ghrúpaí.<br><br>Gné Leasa na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí a chur i bhfeidhm.<br><br>Cuirtear OSSP, OSPS agus CO ar an gclár ama agus déantar iad a sholáthar de réir treoirlínte ROS | 90% de sprioc phlean seirbhíse BOO bainte amach.<br><br>80% de sprioc phlean seirbhíse BOO bainte amach<br><br>Soláthraítear curaclam cuí do gach mac léinn, sóisear agus sinsear, de réir treoirlínte ROS |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | sna scoileanna.<br>Tacú le forbairt leanúnacha ar 'Fhoirne Cúraim' | | |
| | A chinntiú go bhfuil na bearta uile maidir le cosaint leanaí ag feidhmiú de réir Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017.<br><br>Comhlíonadh iomlán leis an bPáiste a chinntiú Nósanna Imeachta Cosanta Bunscoile agus Iarbhunscoileanna 2017 | Lean de bheith ag cinntiú go bhfuil na bearta riachtanacha maidir le cosaint leanaí ag feidhmiú do gach foghlaimeoir de chuid BOO faoi ocht mbliana déag d'aois.<br><br>Riachtanais na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna á gcur i bhfeidhm go hiomlán ag gach scoi 2017. | Polasaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm in ionaid agus i seirbhísí, agus tuairisc á dhéanamh orthu de réir riachtanais rialachais.<br><br>Dearbhú le déanamh ag gach scoil go bhfuil na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí á gcomhlíonadh acu, agus seicliostaí le forbairt acu de réir threoirlínte na nIniúchtaí um Chosaint Leanaí | Polasaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm agus ag cloí le rialachas.<br><br>Maoirseacht ar Cosaint Leanaí i bhfeidhm.<br><br>Moltaí laistigh de Thuairiscí Cigireachta um Chosaint Leanaí ROS le cur i bhfeidhm go hiomlán. |
| Cláir Chosanta | Cabhraigh leis an ROS, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár Cosanta na hÉireann do Dhídeanaithe, agus soláthar | Lean de bheith ag forbairt agus ag soláthar cláir d'fhoghlaimeoirí BOO atá rannpháirteach i gClár Cosanta na hÉireann do Dhídeanaithe. | Cuir cláir dhírithe ar fáil dóibh siúd atá athlonnaithe i gceantair ainmnithe laistigh de Chill Dara agus de Chill Mhantáin. | 80% de na cláir atá leagtha amach i bPlean Seirbhíse BOO a chur ar fáil do thairbhithe réamhmheasta. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta. | | Forbairt ar sholáthar dírithe agus é a chur ar fáil de réir treoirlínte ROS d'iarrthóir ar chosaint idirnáisiúnta | |
| Rialachas | Rátaí freastail ag cruinnithe an Bhoird. | Ba chóir do Bhoird indibhidiúla béim a chur arís ar an riachtanas freastal ar gach cruinniú de chuid an Bhoird, de réir an Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna. | Gléas chun comhlíontacht a mheas le Cód Cleachtais um Rialachas na mBOOanna.<br>Cuir ath-bhéim ar an riachtanas freastal ar gach cruinniú de chuid an Bhoird | Freastal 90% ar chruinnithe de chuid an Bhoird |
| | Féinmheasúnú an Bhoird.<br><br>Féinmheasúnú ó na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca. | Ba chóir do gach Bord féinmheasúnú a dhéanamh, ag baint úsáid as an gceistneoir atá le fáil sa Chód Cleachtais, chun réimsí a aithint a bhfuil feabhas ag teastáil iontu.<br><br>Ba chóir do Chathaoirligh an dá choiste a chinntiú go gcríochnaítear an féinmheasúnú gach bliain, mar a éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna. | Gléas chun comhlíontacht a mheas le Cód Cleachtais um Rialachas na mBOO anna. | Ceistneoirí féinmheasúnaithe críochnaithe ag na Boird agus ag na Coistí |
| | Saineolas Airgeadais ar na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca. | Ba chóir don Bhord ceapacháin a dhéanamh ar na coistí seo i gcomhairle le cathaoirligh na gCoistí. Ba chóir do bhaill | Gléas chun comhlíontacht a mheas le Cód Cleachtais um | Scileanna iniúchóireachta agus/nó airgeadais |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | sheachtracha ar na Coistí na scileanna agus an taithí iniúchóireachta agus airgeadais atá riachtanach a thabhairt chuig an ról. | Rialachas na mBOO anna. | a bheith ag ceapacháin sheachtracha ar na coistí Iniúchóireachta agus Riosca, agus Airgeadais. |
| | Meastóireacht le déanamh ag an mBord ar an obair a dhéanann an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird a chinntiú go gcuirtear tuairiscí scríofa ar fáil do bhaill an Bhoird, ar an obair a dhéanann na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca, mar a éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna. | Gléas chun comhlíontacht a mheas le Cód Cleachtais um Rialachas na mBOO anna. | Tuairisc Bhliantúil ón gCoiste Airgeadais agus ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca curtha faoi bhráid an Bhoird. |
| | Forbairt Foirne. | Ba chóir don bPríomhfheidhmeannach a chinntiú go;<br>-gceaptar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna<br>-go ndéantar anailís ar riachtanais oiliúna sa bhainistíocht airgeadais gach bliain<br>-go ndéantar forbairt ar chlár oiliúna don mbainistíocht airgeadais, agus go gcuirtear i bhfeidhm é. | Pleananna forbartha pearsanta. Riachtanais oiliúna a aithint sna ranna, agus dul i ngleic leo. | Pleananna TFE um fhorbairt phearsanta críochnaithe agus riachtanais oiliúna airgeadais aitheanta. |
| | Tuairisceáin agus spriocdhátaí tuairiscithe na roinne | Ní mór do thuairisceáin chun na Roinne a bheith cruinn, agus ní mór cloí le spriocdhátaí le tuairisceáin a chur isteach. | Clár um thuairiscí reachtúla | Cloí leis spriocdhátaí reachtúla |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | tuairisciú ar an Acht BOO |
| | Polasaí um Bhainistíocht Riosca. | Ba chóir do BOO a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha, a bhaineann le torthaí áirithe a bhaint amach, a aithint agus dul i ngleic leo. Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord ina ról. | Clár Riosca | Laghdú rátáil dearg amháin |
| | Rialú Inmheánach | Ba chóir do Bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú sásúil go bhfuil srianta faoi leith ag feidhmiú mar ba cheart. | Athbhreithniú ar Chlár Iniúchóireachta an Rialaithe Inmheánaí<br>Uirlis Measúnaithe Comhlíonta do Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna. | Dearbhuithe curtha ar fáil don Bhord.<br><br>Tuairisc Bhliantúil ón gCoiste Airgeadais agus ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca curtha faoi bhráid an Bhoird |

*Tagraíonn sé seo do BOO ag cinntiú go sanntar freagracht fhoriomlán as maoirseacht agus cur i bhfeidhm oiliúna ar fud an BOO d'fhonn cur chuige straitéiseach, comhtháite agus éifeachtúil a chinntiú i leith oiliúna ar fud na réimsí feidhmiúla uile. Is féidir le ról den sórt sin luí leis na struchtúir agus na socruithe atá ann cheana féin ar fud an BOO agus ní gá gur ról lánaimseartha é. Is í an phríomhcheist ná go mbeadh ball foirne ann a bhfuil freagracht fhoriomlán agus maoirseacht air/uirthi ar an gclár oiliúna.

## Cuspóirí BOOCDCM 2025

I dteannta leis na spriocanna agus tosaíochtaí atá aontaithe go náisiúnta, aithníodh na tosaíochtaí straitéiseacha faoi leith seo a leanas do BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin don bhliain 2025, chun cur leis an Ráiteas Straitéise 2025-2029.

| Tosaíocht Straitéise 1: Teagasc agus Foghlaim | | |
|---|---|---|
| **Sprioc** | **Cuspóir** | **Príomh-Spriocanna ar féidir a bhaint amach** |
| **1.1.** Feabhsaigh Pleanáil Oideachasúil bunaithe ar Shonraí | **1.1.1** Déan forbairt ar chóras láidir chun gaisce an fhoghlaimeora a rianú, agus chun anailís a dhéanamh air, a bheidh mar bhonn le forbairt clár sa todhchaí. | Bailiú agus comhthiomsú ar thuairiscí cigireachta sna scoileanna (Ábhair, Bainistíocht ar Cheannaireacht agus ar an bhFoghlaim (MLL), Meastóireacht ar an Scoile uile (WSE)). Aithin treochtaí comónta sna scoileanna, rud a chabhróidh leis an dea-chleachtas a roinnt. |
| | **1.1.2** Neadaigh úsáid córasach ar shonraí éachtaí acadúla ar fud BOOCDCM. | Aithin cleachtais reatha maidir le sonraí acadúla a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu. |
| **1.2.** Cuir Barr Feabhais sa Teagasc agus san Fhoghlaim chun tosaigh tríd an Nuálaíocht. | **1.2.1** Déan cur chuige oideolaíoch, atá ag teacht chun tosaigh, a chur chun cinn, ag imeascadh modheolaíochtaí digiteacha agus cumaiscthe. | Tacaíocht ó Chomhordaitheoir TEL i BOOCDCM. Tacaíocht ón bhfoireann TFC. |
| | **1.2.2** Treisigh an Deontas um Nuálaíocht sa Teagasc, san Fhoghlaim agus sa Mheasúnú chun forbairtí oideachasúla a chur chun tosaigh. | Lean de bheith ag tacú le scoileanna agus le coláistí tríd an dtionscnamh deontais chun nuálaíocht a chothú sa Teagasc, san Fhoghlaim agus sa Mheasúnú. |

| | | |
|---|---|---|
| **1.3** Neartaigh Soláthar um Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) | **1.3.1** Leathnaigh an mhapáil ar an soláthar um Riachtanais Speisialta Oideachais ar fud BOOCDCM, ag tacú le ceannaireacht san oideachas speisialta atá inchuimsitheach agus bunaithe ar shonraí. | Faol láthair tá 10/23 scoil ag dul i ngleic le mapáil soláthair RSO. Spreag gach scoil i mBOOCDCM an deis seo a thapú. |
| | **1.3.2** Cothaigh foghlaim agus comhoibriú gairmiúil i measc na scoileanna chun soláthar RSO a fheabhsú. | Faoi láthair tá 42 rang um neamhord de chuid speictream an uathachais ar fud 18 scoil. Bunaíodh Scoil Bhaile an Chradógaigh le déanaí. Deiseanna chun cleachtas a roinnt. |
| **1.4** Cuir le Gréasáin Ghairmiúla agus Forbairt Cheannaireachta | **1.4.1** Neartaigh Gréasáin na bPríomhoidí agus na Leas-phríomhóidí chun nuálaíocht chomhoibríoch a spreagadh. | Lean de bheith ag reáchtáil Cruinnithe Gréasáin rialta do na Príomhoidí, le fócas ar Theagasc agus Fhoghlaim. Teagmháil leanúnach le Gréasán na Leas-phríomhoidí. |
| | **1.4.2** Cuir clár meantóireachta struchtúrtha i bhfeidhm do Leas-phríomhoidí nua-cheaptha. | Tá forbairt déanta ar chlár tacaíochta meantóireachta chun tacú le Leas-phríomhoidí nua-cheaptha. |
| | **1.4.3** Cinntigh go leanann an rolladh amach ar Chreat Phátrún BOO chun éiteas BOO a neadú sna scoileanna. | Le tacaíocht ónár gComhordaitheoir Éitis. Rolladh amach ar Chreat na bPátrún ar fud ár gColáistí Pobail Ainmnithe. Sonraíocht IMBVE. |
| **1.5** Cothaigh Comhoibriú Eagraíochta agus Rannpháirtíocht na Mac Léinn | **1.5.1** Leathnaigh Pobail Chleachtais chun comhoibriú a fheabhsú i measc foirne teagaisc agus riaracháin. | Foireann um Fhorbairt Ghairmiúil le Comhdháil Ionadaithe maidir le IS, Comhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsitheacht, agus Cleachtas um Theagasc agus Fhoghlaim Inbhuanaithe a bhunú agus a éascú. Modúil ar an inbhuanaitheacht a bheith neadaithe i gcúrsaí gach ionad. IS sa ghnáthúsáid |

| | | |
|---|---|---|
| | | laethúil le tacú le himeachtaí Teagaisc agus Foghlama, agus caighdeáin CÉI le cur i bhfeidhm i ngach láthair. |
| | **1.5.2** Déan forbairt ar chórais aiseolais agus comhairliúcháin struchtúrtha, ag cinntiú go bhfuil guth an fhoghlaimeora le clos iontu. | Gach láthair le haiseolas ó fhoghlaimeoirí, atá struchtúrtha go hinmheánach, tiomsaithe agus roinnte, a bheith acu, a dtabharfar tús áite dó, agus a dtabharfar aghaidh air d'imeachtaí pleanála áitiúla bliantúla. |
| **1.6** Cuir Conair Foghlama chun cinn atá Ionchuimsitheach, Solúbtha, agus Bunaithe ar Cháighdeán | **1.6.1** Reáchtáil iniúchadh ionchuimsitheachta chun constaicí rochtana do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a aithint. | Tuairisc an iniúchta a chur timpeall go hinmheánach. |
| | **1.6.2** Méadaigh an tsolúbthacht maidir le rochtain d'fhoghlaimeoirí trí sholáthar a chlárú i gclár atá níos inrochtana (m.sh Oiliúint ar Shain-Scileanna nó Traschóiriú a bheith in áit BOOÉ) | Pleanáil agus tuairisciú trí chatagóirí foghlama leasaithe. |
| | **1.6.3** Méadaigh idirghníomhaíocht sa soláthar, le cláir áitiúla faoi leith, chun dul chun cinn laistigh d'ilionaid agus láthair atá cóngarach dá chéile a chinntiú. | Gach ilionad chun tuairisc inmheánach ar imeachtaí roinnte agus dul chun cinn a eisiúint, i lár agus ag deireadh na bliana. |
| | **1.6.4** Críochnaigh lámhleabhair an fhoghlaimeora agus eolas d'fhoghlaimeoirí maidir le conair dul chun cinn laistigh agus lasmuigh de sheirbhísí BOO. | Lámhleabhar foilsithe. |

| | | |
|---|---|---|
| **1.7** Neartaigh Comhpháirtíochtaí idir Fhostaitheoirí, an tArdoideachas agus an Pobal | **1.7.1** Bunaigh comhpháirtíochtaí le hOifigí Fiontraíochta Áitiúla (OFÁ) agus Comhlachais Tráchtála Réigiúnda. | Comhpháirtíocht amháin, ar a laghad, i ngach contae. |
| | **1.7.2** Déan óstáil ar fhóraim scileanna reigiúnda chun léargas a fháil ó fhostaitheoirí maidir le riachtanais scileanna. | Imeacht amháin, ar a laghad, i ngach contae. |
| | **1.7.3** Déan forbairt ar dhá chlár bhreise, ar a laghad, sa chatagóir treasach, le cur i bhfeidhm sa bhliain 2026. | Dhá chlár le bheith ar fáil le tosnú sa bhliain 2026. |
| | **1.7.4** Cruthaigh creat do chomhoibriú leanúnach le heagraíochtaí pobail. Cuir na hathruithe ó sholáthróirí deontas i bhfeidhm nuair a fhoilsítear iad. Cinntigh go dtacaíonn Comhaontuithe Seirbhíse le gach deontas agus soláthar a bhfuil tacaíocht ó lasmuigh aige. | Déan monatóireacht agus athbhreithniú ar chonarthaí IOP (Ionad Oiliúna Pobail) / TOÁ (Tionscnaíocht Oiliúna Áitiúil)/ SS (Soláthar Sain-oiliúna), agus cuir na treoirlínte leasaithe i bhfeidhm nuair a fhoilsítear iad. |
| | **1.7.5** Déan forbairt ar phlean do chlár Erasmus, agus ar naisc le soláthróirí ón AE. Déan forbairt ar na naisc chun foghlaimeoirí a chur i dteagmháil le comhpháirtíochtaí ón AE. | An plean inmheánach foilsithe agus ag feidhmiú i 2025. |
| **1.8** Cothaigh Nuálaíocht, Cruthaitheacht, agus | **1.8.1** Eagraigh ceardlanna nuálaíochta chun an fhoireann a spreagadh páirt a ghlacadh i gcleachtais oideachais chruthaitheacha. | Dhá cheardlann. |

| | | |
|---|---|---|
| Timpeallachtaí Foghlama faoi thionchar IS | | |
| | **1.8.2** Déan forbairt ar phlean imeasctha IS, uirlisí don fhoghlaim phearsantaithe agus d'éifeachtúileachtaí riaracháin san áireamh. | Foilsigh ábhair agus cleachtais thacaíochta IS mar ghníomhaíocht don gComhairle Cháilíochta. |
| | **1.8.3** Tosnaigh modúil fhoghlama faoi thionchar IS, ar bhonn píolótach i roinnt cúrsaí roghnaithe. | Dhá chúrsa roghnaithe agus próisis imeasctha IS. |
| | **1.8.4** Ainmnigh na dea-chleachtais chun cruthaitheacht i mBOO agus san oideachas treasach a chothú, agus cuir os comhair an phobail iad. | Imeacht ag cur cruthaitheacht BOO os comhair an phobail le linn Téarma 1 den bhliain acadúil 2025/2026. |
| **1.9** Déan forbairt ar Sholáthar Imeasctha do Choláiste BOO | **1.9.1** Cuir grúpa oibre le chéile chun an múnla do choláiste imeasctha BOO a dhearadh. | Grúpa oibre bunaithe. |
| | **1.9.2** Reáchtáil athbhreithniú ar úsáid acmhainní chun na réimsí ina bhféadfaí cuíchóiriú a dhéanamh a aithint. | Déan athbhreithniú ar mhaoiniú agus ar chláreagrú ó thaobh an struchtúir atá ann faoi láthair v an struchtúr sa todhchaí. |
| | **1.9.3** Déan forbairt ar phleananna tosaigh maidir le seirbhísí roinnte (m.sh. comhairleoireacht, gairmthreoir) sna coláistí. | Ullmhaigh páipéar ar struchtúr tacaíochta do choláiste BOO sa todhchaí, don gcomhairliúchán. |
| | **1.9.4** Ullmhaigh páipéar ar struchtúr tacaíochta do choláiste BOO sa todhchaí, don gcomhairliúchán. | Comhairliúchán agus aiseolas tiomsaithe faoi dheireadh na bliana. |

| | | |
|---|---|---|
| **1.10** Feabhsaigh an Inbhuanaitheacht sa Teagasc agus san Fhoghlaim | **1.10.1** Imeascaigh modúil ar an inbhuanaitheacht sna cláir atá ann faoi láthair (nuair a thacaíonn sé leis na torthaí foghlama). | Micro Qual ar an inbhuanaitheacht imeasctha sa soláthar. |
| | **1.10.2** Seol oiliúint na foirne ar phrionsabail inbhuanaitheachta a neadú i gcleachtais mhúinteoireachta. | Clár Forbartha Ghairmiúil ar an Inbhuanaitheacht ar fáil faoi dheireadh H1. |
| | **1.10.3** Gach láthair le "Meitheal Ghlas" a fhorbairt, foireann agus foghlaimeoirí san áireamh air. | Gach láthair le Meitheal Ghlas a bhunú faoi dheireadh Q1. |
| | **1.10.4** Ainmnithe torthaí dearfacha tapaidh maidir le cleachtais ghlas, ar nós úsáid pháipéar a laghdú, agus uirlisí digiteacha a chur chun cinn. | Gníomhaíochtaí agus torthaí roinnte agus tuairisc orthu curtha chuig an mheitheal ghlas chorparáideach. |
| **Tosaíocht Straitéise 2: Foireann** | | |
| **2.1** Cuir córais agus cleachtais láidir earcaíochta agus coinneála ar fáil. | **2.1.1** Próiseas feabhsaithe maidir le hearcaíocht don mhúinteoireacht. | Athbhreithniú foirmeálta ar an bpróiseas i Q3, agus réimsí inar féidir an próiseas a fheabhsú a aithint agus a chur i bhfeidhm. |
| | **2.1.2** Próiseas feabhsaithe maidir le hearcaíocht do Thacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta. | Athbhreithniú ar an bpróiseas earcaíochta féachaint an bhfuil deiseanna ann chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas ag na tréimhsí is mó gníomhaíochta. |

| | | |
|---|---|---|
| | **2.1.3** Próiseas feabhsaithe maidir le hearcaíocht sa Bhreisoideachas agus san Oiliúint. | Athbhreithniú foirmeálta ar an bPróiseas d'Oideachasóirí Fásta. |
| | **2.1.4** Athbhreithniú a dhéanamh ar chumarsáid agus ar pholasaithe uile AD chun cumarsáid ó AD a bheith níos inrochtana agus níos sothuigthe. Beidh fócas ar bhainistíocht shaoire agus saghasanna saoire i 2025. | Athbhreithniú déanta ar bhainistíocht shaoire, agus seisiúin in-seirbhíse tugtha do gach bainisteoir. |
| **2.2** Déan forbairt ar straitéis chumarsáide inmheánach | **2.2.1** Cuir le córas BCC (Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí) BOOCDCM chun tacú le cumarsáid níos fearr. | An córas BCC (Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí) leathnaithe chuig ceisteanna ón bhfoireann. |
| | **2.2.2** Déan forbairt ar phlean cumarsáide chun cumarsáid inmheánach agus seachtrach a fheabhsú. | Forbairt déanta ar phlean cumarsáide, é faofa agus curtha i bhfeidhm. |
| **Tosaíocht Straitéise 3: Barr-feabhais Oibríochta** | | |
| **3.1** Cuir timpeallacht oibre dearfach chun cinn a bhfuil cultúr measa, dínite agus comhionannais mar bhonn leis. | **3.1.1** Cuir na daoine a bhfuil róil bhainistíochta agus cheannaireachta acu i mBOOCDCM ar an eolas maidir lena ndualgas san earnáil phoiblí i leith an Chomhionannais agus Cearta Daonna, agus riachtanais BOOCDCM. | Ceardlann ar dhualgas na hearnála phoiblí i leith an Chomhionannais agus Cearta Daonna tugtha do bhainisteoirí sinsearacha. |

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
**CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN**
**KILDARE AND WICKLOW**
EDUCATION AND TRAINING BOARD

| | | |
|---|---|---|
| | **3.1.2** Ceap agus seol treoir stíle d'fhoilsiúcháin agus do chumarsáidí BOOCDCM, le fócas ar an rochtain de réir na nAchtanna um Chomhionannas. | Treoir Stíle um Rochtain seolta agus in-seirbhís curtha ar fáil. |
| | **3.1.3** Suirbhé iomlán domhain ar an mhíchumas agus tuiscint air don fhoireann ar fad. | Suirbhé eisithe, anailís déanta ar an aiseolas, agus príomh-ghníomhaíochtaí cuí curtha i bhfeidhm chun tuiscint ar an mhíchumas san ionad oibre a fheabhsú. |
| | **3.1.4** Méadaigh feiceálacht na luachanna a bhaineann le comhionannas agus cearta daonna tríd ár mbealaí cumarsáide agus ábhair bolscaireachta. Pioc amach gníomhaíocht amháin sa bhliain chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ainmnithe a bhaineann le comhionannas agus cearta daonna chun próisis eagraíochta a chur i bhfeidhm a neartóidh cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí um chomhionannas agus chearta daonna. | Pioc amach gníomhaíocht amháin sa bhliain chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ainmnithe a bhaineann le comhionannas agus cearta daonna chun próisis eagraíochta a chur i bhfeidhm a neartóidh cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí um chomhionannas agus chearta daonna. |
| | **3.1.5** Ag eagrú Lá BOO agus Seachtain BOO 24-28 Márta. | Lá BOO |
| | **3.1.6** Grúpa Oibre um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CÉI) bunaithe. | Grúpa Oibre agus Plean Gníomhaíochta Bliantúil bunaithe. |

| | | |
|---|---|---|
| | **3.1.7** Déan athbhreithniú ar phríomh-pholasaithe na heagraíochta a bhaineann le daoine/ duine-lárnach chun na prionsabail a bhaineann le dualgas na hearnála phoiblí ó thaobh Comhionannas agus Cearta Daonna de a imeascadh. | An grúpa CÉI le polasaithe a ainmniú le hathbhreithniú a dhéanamh orthu, agus tuairisc a thabhairt ag deireadh na bliana ar an obair atá déanta. |
| **3.2** Laghdaigh an Riosca Airgeadais | **3.2.1** Cuir straitéis i bhfeidhm a thabharfaidh aghaidh ar Ús agus Píonóis ar Íocaíocht Phras. | Cuir próiseas athbhreithnithe tráthúil i bhfeidhm chun acmhainní Oiliúna ÚÍP d'úsáideoirí a sheachaint chun ÚÍP a mhaolú. |
| **Tosaíocht Straitéise 4: Timpeallacht agus Inbhuanaitheacht** | | |
| **4.1** Cuir Straitéis um Eastáit Inbhuanaithe i bhfeidhm. | **4.1.1** Reáchtáil iniúchadh cumhachta sna háiseanna go léir chun neamh-éifeachtúlachtaí a aithint. | Iniúchadh cumhachta críochnaithe agus roinnte go hinmheánach. |
| | **4.1.2** Tabhair tús áite d'uasghrádú inbhuanaithe ar chostas íseal agus feiceálach (m.sh. soilsiú, insliú). | Forbairt déanta ar phlean gníomhaíochta. |
| | **4.1.3** Déan forbairt ar phlean céimnithe chun astaíochtaí carbóin a laghdú sna háiseanna go léir. | Laghdú 8% astaíochtaí carbóin faoi dheireadh na bliana. |
| | **4.1.4** Cuir tús le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara chun straitéis an eastáit a ailíniú le spriocanna timpeallachta níos leithne. | Déan athbhreithniú agus uasdátú ar straitéis an eastáit – roinnte le SOLAS. |

| | | |
|---|---|---|
| **4.2** Faoin mbliain 2030 déan laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le cumhacht, agus cuir feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh. | **4.2.1** Déan forbairt ar Phlean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht agus Inbhuanaitheacht Fuinnimh do BOOCDCM, de réir phlean an Rialtais, agus an straitéis náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide. | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| **4.3** Chun earraí agus seirbhísí ar ard-chaighdeán, inbhuanaithe, agus luach ar airgead a sholáthar. | **4.3.1** Cuir córas agus próiseas um Bhainistíocht ar Chonarthaí Soláthair i bhfeidhm, Córas um Bhainistíocht Chonarthaí. | Córas um Bhainistíocht Chonarthaí. |
| | **4.3.2** Déan soláthar ar earraí, seirbhísí agus oibreacha a bhfuil tionchar timpeallachta laghdaithe acu le linn a saolré trí chritéir um Sholáthar Glas don Phobal a bheith san áireamh inár gcomórtais thairisceana. | Tuairisc ar Sholáthar Glas don Phobal |
| | | |

# Admhálacha agus Caiteachas Réamh-Mheasta 2025

## Admhálacha agus Caiteachas Réamh-Mheasta

| <u>**Admhálacha**</u> | Nóta | **Bliain dar críoch 31/12/2025 €** | **Bliain dar críoch 31/12/2025 €** |
|---|---|---|---|
| Deontais Scoileanna & an Phríomh-Oifig | | 118,940,765 | 122,023,498 |
| Deontais Breisoideachais & Oiliúna | | 39,747,407 | 38,907,641 |
| Deontais do Sheirbhísí don Óige | | 3,362,849 | 3,265,139 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscnaimh Fhéin-Mhaoinithe | | 10,400,000 | 11,392,606 |
| Caipiteal | | 13,057,349 | 10,103,475 |
| | | <u>**185,508,370**</u> | <u>**185,692,359**</u> |
| <u>**Íocaíochtaí**</u> | | | |
| Deontais Scoileanna & an Phríomh-Oifig | 1 | 120,426,139 | 118,923,051 |
| Deontais Breisoideachais & Oiliúna | 2 | 39,747,407 | 39,003,211 |
| Deontais do Sheirbhísí don Óige | 3 | 3,362,849 | 3,209,454 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscnaimh Fhéin-Mhaoinithe | | 10,000,000 | 10,072,684 |
| Caipiteal | | 18,438,186 | 14,072,709 |
| | | <u>**191,974,581**</u> | <u>**185,281,109**</u> |
| **Barrachas Airgid/(Easnamh) don Tréimhse** | | <u>**-6,466,211**</u> | <u>**411,250**</u> |
| ***Deontais Scoileanna & an Phríomh-Oifig*** | | **-1,485,374** | [redacted] |
| ***Deontais Breisoideachais & Oiliúna*** | | ***0*** | |
| ***Deontais do Sheirbhísí don Óige*** | | ***0*** | |
| ***Gníomhaireachtaí & Tionscnaimh Fhéin-Mhaoinithe*** | | **400,000** | |
| ***Caipiteal*** | | **-5,380,837** | |
| | | <u>**-6,466,211**</u> | |

Tá na holltorthaí do dheireadh na bliana 2024 sealadach, agus d'fhéadfaí go mbeadh athrú déanta orthu sna cuntais iniúchta.

Tá próiseas Buiséadaithe SOLAS fós ar siúl.

## 1. Scoileanna & an Phríomh-Oifig

**Íocaíochtaí Scoileanna & Ceannoifige**

| | Nóta | Bliain dar críoch 31/12/2025 | Bliain dar críoch 31/12/2024 |
|---|---|---|---|
| **Pá** | | **€** | **€** |
| Teagasc (ina measc Scoileanna Náisiúnta Pobail) | | 103,741,766 | 100,136,810 |
| Riarachán (ina measc Scoileanna Náisiúnta Pobail) | | 5,326,007 | 4,908,950 |
| Cothabháil | | 2,075,071 | 1,973,680 |
| | | **111,142,844** | **107,019,440** |
| **Neamh-Phá** | | 6,628,398 | 6,192,091 |
| **Cláir Ghaolmhara** | | | |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | | 1,512,423 | 1,559,535 |
| Deontas Leabhar (deontas leabhar DEIS san áireamh) | | - | 2,184,394 |
| An Idirbhliain | | 196,270 | 164,489 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | | 67,044 | 43,742 |
| Teastas Sóisearach – Clár Scoile | | 25,540 | 40,303 |
| Caipitíocht don Lucht Siúil | | 11,102 | 11,704 |
| Deontas don Fhisic agus don Cheimic | | 17,082 | 18,855 |
| Deontas do Rang Speisialta | | 6,834 | 4,161 |
| *Costas Toghchánaíochta BOO* | | 0 | 244 |
| | | **1,836,295** | **4,027,427** |
| **Deontais do Sprioc-Chaiteachas** | | | |
| Maoiniú DEIS do theagmhálaí Baile agus Scoile | | 340,000 | 541,802 |
| Maoniú d'Aonad Polasaí TFC | | - | 418,652 |
| ***Íocaíocht Tionlacaí*** | * | *172,000* | 169,090 |
| ***Deontas do Theicneolaíocht Oiriúnaitheach*** | * | *50,000* | 47,643 |
| ***Taisteal agus Cothabháil d'Oiliúint Múinteoirí*** | * | *4,000* | 3,291 |
| ***Scéim do Chúntóir Teanga Iasachta*** | * | *25,000* | 17,978 |
| Maoiniú Oideachas Gaeltachta | | 45,000 | 2,331 |
| | | **636,000** | **1,200,787** |
| **Scoileanna Náisiúnta Pobail** | | | |
| Deontas Caipitíochta | | 182,602 | 288,326 |
| ***Deontas d'Fhosheirbhísí*** | | **-** | 140,595 |
| Deontas Leabhar | | - | 54,385 |
| | | **182,602** | **483,306** |
| Iomlán – Scoileanna & an Phríomh-Oifig | 1 | **120,426,139** | **118,923,051** |

## 2. Íocaíochtaí Breisoideachais & Oiliúna

| | Nóta | Bliain dar críoch 31/12/2025 | Bliain dar críoch 31/12/2024 |
|---|---|---|---|
| **Breisoideachas agus Oiliúnt** | | **€** | **€** |
| Printíseacht | | 1,231,893 | 1,231,893 |
| Bunmhaoiniú | | 7,744,976 | 7,602,536 |
| Cúrsaí Lánroghnacha/Eile | | 3,995,305 | 3,990,498 |
| Conair BOO | | 16,099,003 | 15,711,709 |
| Forbairt agus Aistriú Scileanna na Foirne | | 10,676,230 | 10,466,575 |
| **Iomlán Breisoideachas agus Oiliúnt** | 2 | **39,747,407** | **39,003,211** |

## 3. Deontais do Sheirbhísí don Óige

| | | Bliain dar críoch 31/12/2025 | Bliain dar críoch 31/12/2024 |
|---|---|---|---|
| **Íocaíochtaí do Sheirbhísí don Óige** | | **€** | **€** |
| Tascfhórsa Áitiúil Drugaí & Alcóil | * | 630,000 | 621,829 |
| UBU | | 2,042,318 | 1,955,410 |
| An tAcht um Obair don Óige | | 250,993 | 240,446 |
| Deontais do Chlubanna Óige | | 228,194 | 189,168 |
| Ionad Eolais don Óige | | 115,922 | 111,464 |
| RLCMLÓ Caipiteal | | - | 4,004 |
| Cionroinnt an Chiste Lánpháirtíochta | | 63,616 | 63,800 |
| Tionscnaíocht um Infhostaíocht na hÓige | | 60,000 | 23,333 |
| | 3 | **3,391,043** | **3,209,454** |